RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1203 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 chun liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a thabhairt cothrom le data

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas ("liosta an Aontais") atá le coinneáil cothrom le dáta de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014.

(2) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil agus na measúnuithe riosca a rinneadh de bhun Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014, go gcomhlíontar na critéir go léir a leagtar amach in Airteagal 4(3) den Rialachán sin maidir leis na speicis choimhthíocha ionracha seo a leanas: *Ameiurus melas* (Rafinesque, 1820), *Axis axis* (Erxleben, 1777), *Callosciurus finlaysonii* (Horsfield, 1823), *Celastrus orbiculatus* Thunb., *Channa argus* (Cantor, 1842), *Faxonius rusticus* (Girard, 1852), *Fundulus heteroclitus* (Linnaeus, 1766), *Gambusia affinis* (Baird & Girard, 1853), *Gambusia holbrooki* Girard, 1859, *Hakea sericea* Schrad. & J.C.Wendl., *Koenigia polystachya* (Wall. ex Meisn.) T.M.Schust. & Reveal, *Lampropeltis getula* (Linnaeus, 1766), *Limnoperna fortunei* (Dunker, 1857), *Morone americana* (Gmelin, 1789), *Pistia stratiotes* L., *Pycnonotus cafer* (Linnaeus, 1766), *Rugulopteryx okamurae* (E.Y. Dawson) I.K.Hwang, W.J.Lee & H.S.Kim, 2009, *Solenopsis geminata* (Fabricius, 1804), *Solenopsis invicta* Buren, 1972, *Solenopsis richteri* Forel, 1909, *Wasmannia auropunctata* (Roger, 1863) agus *Xenopus laevis* (Daudin, 1802).

(3) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, maidir leis na speicis choimhthíocha ionracha sin go léir, go ndearnadh gach gné a leagtar amach in Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 a bhreithniú go cuí.

(4) Úsáidtear na speicis *Xenopus laevis* (Daudin, 1802) agus *Fundulus heteroclitus* (Linnaeus, 1766) le haghaidh taighde eolaíoch nár cheart cur isteach air. Ba cheart cuimsiú na speiceas sin ar liosta an Aontais a chur siar chun am a thabhairt do na Ballstáit ullmhúchán a dhéanamh maidir le heisiúint na gceadúnas dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 roimh an dáta a ghabhfadh éifeacht le liostú na speiceas sin.

(5) Agus na hinfheistíochtaí fadtéarmacha arna ndéanamh ag saothraithe *Pistia stratiotes* L. agus *Celastrus orbiculatus* Thunb. i mBallstáit áirithe á gcur san áireamh, ba cheart cuimsiú na speiceas sin ar liosta an Aontais a bheith faoi réir idirthréimhse.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Speicis Choimhthíocha Ionracha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 35.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2016 lena nglactar liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 189, 14.7.2016, lch. 4).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (2) den Iarscríbhinn ón 2 Lúnasa 2024.

Beidh feidhm ag pointe (3) den Iarscríbhinn ón 2 Lúnasa 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 mar a leanas:

(1) sa tábla, cuirtear na speicis seo a leanas isteach in ord aibítre:

Speiceas	**Cóid AC le haghaidh eiseamail bheo**	**Cóid AC le haghaidh codanna atá in ann atáirgeadh**	**Catagóirí d'earraí gaolmhara**
(i)	**(ii)**	**(iii)**	**(iv)**
"*Ameiurus melas* (Rafinesque, 1820)	ex 0301 99 17	ex 0511 91 90 (eochraí thorthúil a bhfuiltear lena ngor chun saolaithe)"	
"*Axis axis* (Erxleben, 1777)	ex 0106 19 00	-"	
"*Callosciurus finlaysonii* (Horsfield, 1823)	ex 0106 19 00	-"	
"*Channa argus* (Cantor, 1842)	ex 0301 11 00 ex 0301 99 17	ex 0511 91 90 (uibheacha torthúla goir)"	
"*Faxonius rusticus* (Girard, 1852)	ex 0306 39 10	-"	
"*Gambusia affinis* (Baird & Girard, 1853)	ex 0301 11 00 ex 0301 99 17	ex 0511 91 90 (eochraí thorthúil a bhfuiltear lena ngor chun saolaithe)	(4)"
"*Gambusia holbrooki* Girard, 1859	ex 0301 11 00 ex 0301 99 17	ex 0511 91 90 (uibheacha torthúla goir)	(4)"
"*Hakea sericea* Schrad. & J.C.Wendl.	ex 0602 90 50	ex 1209 99 99 (síolta)"	
"*Koenigia polystachya* (Wall. ex Meisn.) T.M. Schust. & Reveal	ex 0602 90 50	ex 1209 99 99 (síolta)	(7)"
"*Lampropeltis getula* (Linnaeus, 1766)	ex 0106 20 00	-	(5)"
"*Limnoperna fortunei* (Dunker, 1857)	ex 0307 91 00	-"	
"*Morone americana* (Gmelin, 1789)	ex 0301 99 17 ex 0301 99 85	ex 0511 91 90 (uibheacha torthúla goir)	(4)"
"*Pycnonotus cafer* (Linnaeus, 1766)	ex 0106 39 80	ex 0407 19 90 (eochraí thoirchithe a bhfuiltear lena ngor)"	
"*Rugulopteryx okamurae* (E.Y.Dawson) I.K. Hwang, W.J.Lee & H.S.Kim, 2009	ex 1212 29 00	-	(14), (15)"
"*Solenopsis geminata* (Fabricius, 1804)	ex 0106 49 00	-	(5), (7)"
"*Solenopsis invicta* Buren, 1972	ex 0106 49 00	-	(5), (7)"
"*Solenopsis richteri* Forel, 1909	ex 0106 49 00	-	(5), (7)"
"*Wasmannia auropunctata* (Roger, 1863)	ex 0106 49 00	-	(5), (7)"

(2) sa tábla, cuirtear na speicis seo a leanas isteach in ord aibítre:

Speiceas	Cóid AC le haghaidh eiseamail bheo	Cóid AC le haghaidh codanna atá in ann atáirgeadh	Catagóirí d'earraí gaolmhara
(i)	(ii)	(iii)	(iv)
"*Fundulus heteroclitus* (Linnaeus, 1766)	ex 0301 11 00 ex 0301 19 00 ex 0301 99 17 ex 0301 99 85	ex 0511 91 90 (uibheacha torthúla goir)	(4)"
"*Pistia stratiotes* L.	ex 0602 90 50	-"	
"*Xenopus laevis* (Daudin, 1802)	ex 0106 90 00	-"	

(3) sa tábla, cuirtear na speicis seo a leanas isteach:

Speiceas	Cóid AC le haghaidh eiseamail bheo	Cóid AC le haghaidh codanna atá in ann atáirgeadh	Catagóirí d'earraí gaolmhara
(i)	(ii)	(iii)	(iv)
"*Celastrus orbiculatus* Thunb.	ex 0602 90 50	ex 1209 99 99 (síolta)"	

(4) sna nótaí a ghabhann leis an tábla maidir le colún (iv), cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

"(14) ex 0307 11: Oisrí beo

(15) ex 0307 31: Diúilicíní beo".